If it is classed as a learning problem, the child should receive LS for a minimum of one term before a decision is made for testing by an external professional:

- *The Principal and/or LS teacher and/or class teacher meet with the parents to discuss the need for the referral and to seek written consent*
- *If either parent refuses permission for the assessment he/she must sign a form indicating this to the school. The LS teacher will keep a record of this.*

Once consent has been given:

- *It will be confirmed by the external professional e.g. Educational Psychologist, that the testing is necessary for the child*
- *The class teacher completes the necessary referral form in consultation with the appropriate school personnel*
- *The external professional visits the school to meet with the pupil, parents, principal, class teacher and the LS teacher as appropriate, and the assessment is conducted*
- *This is followed by a return visit at which findings are discussed, recommendations are considered and an appropriate response is agreed*
- *Where concern arises regarding the manner of speed of the follow-through post assessment, such concern is pursued by the Principal with the out of school agency concerned*
- *If the assessment shows that the child has needs which are catered for under the General Allocation Model, the child will attend LS*
- *If the assessment shows that the child has needs which require low-incidence hours, the Principal in consultation with the parents will send the application form to the SENO (further information below under Resource Teaching).*

Straitéisí Cumarsáide

Is rud fíor thábhachtach é go mbeadh córas cumarsáide éifeachtach idir na páirtithe ar fad a bhíonn gafa le riachtanais fhoghlama an dalta.

Bíonn straitéisí éagsúla i gceist, ina measc:

- Polasaithe na scoile agus conas comhoibriú idir thuismitheoirí agus mhúinteoirí ar son leas na bpáistí a chur i gcrích, a mhíníodh do thuismitheoirí na Naíonán Sóisearacha ag an gcuinníú ionductaithe
- Tuismitheoirí a chur ar an eolas nuair a bhíonn amhras maidir le dul chun cinn an pháiste
- Fáiltítear roimh thuismitheoirí aon bhuairt atá acu maidir le riachtanais an pháiste a phlé leis an múinteoir ranga ar dtús. Is féidir cruinniú a shocrú leis an múinteoir TF nó an príomhoide má tá comhairle breise á lorg acu
- Comhairliúchán idir an bPríomhoide agus/nó an múinteoir TF agus/nó an Múinteoir ranga agus tuismitheoirí tar éis do dhalta scór íseal a ghnóthú sa scrúdú caighdeánach, agus cead a lorg chun measúnú diagnóiseach a dhéanamh más gá agus TF a chur ar fáil
- Cleachtas na scoile a mhíniú do thuismitheoirí maidir le measúnú diagnóiseach agus na nósanna imeachta a leanann é más gá
- Cruinniú a eagrú chun na spriocanna foghlama a leagadh síos sa PDFA nó POA. Tá an-bhuntaíste leis an eolas a fhaightear ó thuismitheoirí agus is féidir leo bheith páirteach i roghnú cuspóirí foghlama agus gníomhaíochtaí a bheadh ar aon dul le riachtanais a bpáistí
- Cuirfidh an múinteoir tacaíochta foghlama nó an múinteoir ranga comhairle ar na tuismitheoirí faoi na gníomhaíochtaí a d'fhéadfaidís a dhéanamh lena bpáistí sa bhaile chun cur leis na cuspóirí foghlama atá leagtha síos don pháiste
- Cumarsáid leanúnach a bheith ann idir an múinteoir TF agus an múinteoir ranga.
- Cumarsáid leanúnach a bheith ann idir an múinteoir TF agus na tuismitheoirí go háirithe nuair is gá cinneadh a dhéanamh leanacht leis nó éirí as TF nó más gá an páiste a atreorú chuig gníomhaireacht sheachtrach
- Tuairisc Cinn Bliana ón múinteoir TF a chur abhaile.

Communication Strategies

The operation of an effective communication system between all the parties involved in meeting the learning needs of the child is considered essential.

The various strategies include:

- *Informing Junior Infant parents at the induction meeting of the school policies and outlining how they can cooperate with the teachers in the best interest of their child's educational welfare*
- *Informing parents if there are concerns regarding the child's progress*
- *Parents are welcome to arrange a meeting with the class teacher to discuss concerns regarding their child's needs. If further advice is required, the parents can arrange a meeting with the LS teacher or the Principal*
- *Arranging a meeting with the Principal and/or LS teacher and/or class teacher and parents following a low score on a standardised test, including the seeking of approval of further diagnostic assessment, if applicable and/or provision of LS*
- *Explaining how diagnostic testing takes place and the procedures involved*
- *Arranging a meeting to identify the learning objectives for the IPLP or IEP. The information received from parents is a great advantage and can be beneficial when choosing the learning objectives and activities which suit their child's needs*
- *The LS teacher or the class teacher will advise parents of the activities they can do at home which will add to the learning objectives laid down for the child*
- *Regular communication between the LS teacher and the class teacher*
- *Regular communication between the LS teacher and parents especially when the decision is to be made whether to continue/discontinue with LS or if the child needs to be referred to an external agency*
- *Sending home an End of Year Report from the LS teacher.*

Rólanna agus Freagrachtaí / Roles and Responsibilities**Ról an Bhoird Bainistíochta**

Tá Bord Bainistíochta Ghaelscoil na gCloch Liath freagrach as:

- *Maoirseacht a dhéanamh ar an gcur le chéile, ar fheidhmiú agus ar athbhreithniú pholasaí na scoile i leith RSO*
- *Cinntiú go soláthraítear spás agus áiseanna oiriúnacha múinteoireachta don mhúinteoir TF*
- *Stóras sábháilte a chur ar fáil do thuairiscí na bpáistí*
- *Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt phroifisiúnta na múinteoirí atá ag obair leis an seirbhís tacaíochta foghlama. m.sh cúrsaí breise traenála, dea-chleachtas reatha, tacú leo, iad a choinneáil ar an eolas maidir le taighde/cleachtas reatha*
- *Polasaí RSO na Scoile a fhoilsiú.*

The Role of the Board of Management

The Board of Management of Gaelscoil na gCloch Liath is responsible for:

- *Overseeing the development, implementation and revision of the school's SEN policy*
- *Ensuring that suitable space and facilities are made available to the LS teacher*
- *Making secure storage space available for the children's reports*

- *Supporting the professional enhancement of the teachers working with the LS service. e.g. supplementary training courses, current best practice, offer support and keep them up-to-date with current research/practice*
- *Publishing the school's SEN Policy.*

Ról an Phríomhoide

Tá an Príomhoide freagrach as:

- An polasaí seo a fhorbairt agus a fheidhmiú i gcomhpháirtíocht leis an mBord Bainistíochta, foireann scoile, tuismitheoirí agus páistí
- Monatóireacht a dhéanamh, ar bhonn leanúnach, ar fheidhmiú an phlean RSO scoile
- Monatóireacht a dhéanamh ar roghnú daltaí do TF, ag déanamh cinnte de go ndírítear an tseirbhís ar na daltaí is mó a bhfuil deacrachtaí/ardchumas acu
- Freagracht iomlán a ghlacadh as chomhordú tacaíochta foghlama i gcomhthéacs Seirbhísí Riachtanas Speisialta
- Maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú chlár measúnaithe agus scagtha uile-scoile chun páistí a aithint nach bhfuil ag éirí go maith leo, a bhfuil fadhbanna foghlama acu agus/nó a léiríonn ardchumas i dtreo go bhféadfar tacaíocht a sholáthar dóibh mar is gá
- Cabhrú leis an bhFoireann RSO le líon na gcás/sceidil oibre a chomhordú
- Liosta páistí a choinneáil atá ag freastal ar TF agus/nó seirbhísí speisialta oideachais
- Feasacht a chothú i measc na múinteoirí ranga maidir le tréithe agus éifeacht míchumas foghlama sainiúil agus ginearálta
- Cabhrú le múinteoirí cur lena n-eolas agus lena scileanna i réimse RSO, trí threoir agus comhairle a thabhairt faoi mhodhanna múinteoireachta agus fearas, mar shampla, agus trí mhúinteoirí a spreagadh chun leas a bhaint as forbairt inseirbhíse
- Eolas a thabhairt do mhúinteoirí maidir le seirbhísí measúnaithe seachtracha atá ar fáil agus na nósanna imeachta gur gá leanúint chun atreorú a dhéanamh
- Teagmháil a dhéanamh le proifisiúnaigh seachtracha mar shampla, seirbhísí síceolaíochta chun comhairle a lorg nó chun measúnuithe agus socrúithe speisialta a eagrú do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu
- Cumarsáid a dhéanamh leis an ORSO maidir le hacmhainní nó le huaireanta múinteoireachta a fháil do pháistí. Chomh maith leis sin socrúithe a dhéanamh maidir le cúntóirí riachtanais speisialta do pháistí le riachtanais faoi leith. Comhairle a lorg i dtaobh inní a bheadh ann maidir le riachtanais páistí.

The Role of the Principal

The Principal is responsible for:

- *Developing and implementing this policy in co-operation with the Board of Management, school staff, parents and children*
- *Monitoring, on a continuous basis, the application of the school's SEN Policy*
- *Monitoring the selection of children for LS to ascertain that the service is being directed at those with the greatest needs or ability*
- *Assuming overall responsibility for the co-ordination of LS in the context of Special Needs Services*
- *Monitoring the whole school assessment and screening process in order to identify children who are not progressing, who have learning difficulties and/or who demonstrate exceptional ability in order to provide the support they need*
- *Assisting the SEN team with the co-ordination of the number of cases and the work schedule*
- *Keeping a list of all children attending LS and/or special education services*

- *Cultivating awareness among the class teachers of the signs and effects of specific and general learning disability*
- *Assisting teachers to add to their knowledge and skills in the area of special educational needs by giving direction and advice about teaching methods and resources and encouraging them to avail of inservice training*
- *Informing teachers of the external assessment services that are available and the procedures to be followed in the initiation of referrals*
- *Making contact with external professionals, e.g. psychological services, in order to seek advice or to arrange special assessments and facilities for children with special educational needs*
- *Contacting the SENO with regard to resources/ teaching hours for children. Make provision for Special Needs Assistants (SNA) for those children with special educational needs. Seek advice about any concerns there might be regarding children's needs.*

Ról an Mhúinteora Ranga

Tá an múinteoir ranga freagrach as:

- Dul chun cinn na bpáistí sa rang, na páistí sa rang atá ag freastal ar TF san áireamh
- Timpeallacht ranga a chruthú inar féidir fadhbanna foghlama a sheachaint nó a mhaolú ar a laghad m.sh. spriocanna oiriúnacha foghlama a aithint agus a leagadh síos do pháistí le deacrachtaí foghlama. Straitéisí idirdhealaitheacha a aimsiú chun na spriocanna seo a bhaint amach
- An múinteoir TF a chur ar an eolas maidir le páistí ar leith a léiríonn go bhféadfadh deacrachtaí foghlama ar leith a bheith acu
- Polasaí na scoile a chur i bhfeidhm maidir le scagthástáil a dhéanamh agus páistí a roghnú a bhfuil TF de dhíth orthu trí scrúdaithe caighdeánaithe a riaradh is a cheartú, próifíl churaclam a chur le chéile, taifead a dhéanamh ar mheasúnaithe ranga
- Tuismitheoirí a chur ar an eolas maidir le dalta a bhfuil amhras ar an scoil faoin dul chun cinn atá á dhéanamh aige/aici
- Comhoibriú leis an múinteoir TF/acmhainne chun POA nó PDFA a fhorbairt ina n-aithnítear spriocanna oiriúnacha foghlama agus ina leagtar síos clár cuí foghlama a leanfar sa seomra TF/acmhainne, sa seomra ranga agus sa bhaile
- Nuair is féidir, freastal ar chruinnithe le tuismitheoirí agus múinteoir TF/múinteoir acmhainne chun dul chun cinn an pháiste a phlé
- Comhoibriú leis an bhfoireann RSO chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn an pháiste ag deireadh an téarma teagaisc
- Páirt a ghlacadh in athbhreithniú a dhéanamh ar an bpolasaí seo.

The Role of the class teacher

The class teacher is responsible for:

- *The progress of all the children in his/her class including those receiving extra assistance through LS*
- *Creating a class environment in which learning needs can be prevented or at least alleviated, e.g. to identify and set out suitable learning goals for children with learning difficulties. Define differentiated strategies in order to achieve these goals*
- *Communicate to the LS teacher concerns regarding children who may be presenting with specific learning difficulties*
- *Implement the school policies on screening and selecting pupils for LS by administering and scoring appropriate standardised tests, curriculum profiles of achievement and class-based assessments*

- *Inform parents if the school is concerned about the progress being made by their child*
- *Collaborate with the learning-support/resource teacher in the development of an individual learning programme/group learning programme which identifies appropriate learning targets and which outlines a suitable work programme for the child which will be followed in the LS room, the classroom and at home*
- *Whenever possible, attending meetings with the LS/resource teacher and the parents to discuss the child's progress*
- *Co-operate with the SEN team in a review of the progress of each pupil at the end of an instructional term*
- *Participate in the review of this policy.*

Ról an Mhúinteora Tacaíochta Foghlama

Tá an múinteoir tacaíochta foghlama freagrach as:

- Seirbhísí iomlána do pháistí le riachtanais speisialta agus páistí atá ag freastal ar TF a chomhordú agus eolas a thabhairt don phríomhoide maidir le haon deacracht a thagann chun cinn
- Bheith rannpháirteach i bhforbairt pholasaí RSO scoile agus tús a chur le hathbhreithniú an pholasaí mar is gá
- Bualadh leis an bpríomhoide ar a laghad uair amháin in aghaidh an téarma chun cúrsaí riachtanais speisialta oideachais sa scoil agus chun feidhmiú an pholasaí seo a phlé
- Obair a dhéanamh le múinteoirí ranga chun réimse leathan straitéisí uile-scoile a chur i bhfeidhm a bhfuil sé mar aidhm acu luathfhoghlaim a fhorbairt agus fadhbanna foghlama a sheachaint
- Nósanna imeachta uile-scoile a chur i bhfeidhm chun páistí a roghnú le haghaidh TF bunaithe ar thorthaí scagthástála, scrúdaithe chaighdeánaithe agus, más cuí, measúnú diagnóiseach
- Clár luath-idirghabhála a chur i bhfeidhm do pháistí ó Naíonáin Shinsearacha go Rang 2 sa seomra ranga nó sa seomra tacaíochta foghlama ina bhfuil dian-theagasc aonarach nó i ngrúpaí beaga sa Ghaeilge, sa Bhéarla, sa Mhatamaitic, sna scileanna luaileacha agus sna scileanna sóisialta
- Tacaíocht Foghlama sa Ghaeilge, sa Bhéarla agus/nó sa Mhatamaitic a sholáthair do pháistí ó Rang 3 ar aghaidh a léiríonn go bhfuil riachtanais breise acu
- POA nó PDFA a leagan amach agus a chur i bhfeidhm do gach páiste atá ag freastal ar TF i gcomhairle leis an múinteoir ranga agus leis na tuismitheoirí
- Pleanáil agus taifead ar dhul chun cinn a choimeád ar bhonn seachtainiúil do gach dalta nó grúpa páistí a bhfuil TF á fháil acu
- Monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an pháiste atá ag freastal ar TF, léirithe sa phlean seachtaine, agus taifead ar dhul chun cinn atá bunaithe ar spriocanna foghlama ón POA nó PDFA
- Tacaíocht cuí a sholáthair sa seomra ranga ar bhonn leanúnach do pháistí nach bhfuil ag freastal ar TF a thuilleadh nó a bhfuil laghdú ar an méid tacaíochta atá de dhíth orthu
- Comhairle a thabhairt do mhúinteoirí ranga maidir le tástáil aonarach agus clár pleanála do pháistí. Moltaí a thabhairt i dtaobh forbairt teanga, léitheoireachta, scríbhneoireachta, matamaitice, scileanna luaileacha agus scileanna sóisialta do pháistí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu
- Scrúduithe chaighdeánaithe na scoile a chomhordú go bliantúil agus anailís a dhéanamh ar na torthaí
- Measúnú diagnóiseach a stiúradh, le cead tuismitheoirí, na torthaí a mhíniú do thuismitheoirí agus cuntas a thabhairt ar na céimeanna cuí chun an tacaíocht is oiriúnaí a chur ar fáil do riachtanais an pháiste

- Fearas agus áiseanna scoile/ múinteoireachta (leabhar agus áiseanna eile) a roghnú a bheadh ar fáil do pháistí le deacrachtaí foghlama sa seomra TF/acmhainne nó sa seomra ranga.

The Role of the LS teacher

The LS teacher is responsible for:

- *Co-ordinating the overall services for children with special needs and for children in receipt of LS and advise the principal teacher on issues that arise in relation to this work*
- *Contributing to the development of the school's SEN Policy and initiating its review when appropriate*
- *Meeting with the principal at least once each school term, to discuss issues relating to the implementation of the school's SEN Policy*
- *Work directly with the class teachers in the implementation of a broad range of whole-school strategies designed to enhance early learning and to prevent learning difficulties*
- *Co-ordinating the implementation of whole-school procedures for the selection of pupils for LS based on the outcomes of appropriate screening, standardised tests and, where appropriate, diagnostic assessment*
- *Implementing our early intervention programme that involves delivering intensive small-group or one-to-one tutoring in Irish, English, Mathematics, motor-skills and social skills to pupils from senior infants to second class who have been selected for LS, in the classroom or the LS room*
- *Providing LS in Irish, English and / or Mathematics to groups of pupils or to individual pupils from 3rd Class on present with continued difficulties*
- *Setting out and implementing an IEP or IPLP for each child who receives LS, in consultation with the class teacher and parents*
- *Completing a weekly planning and progress record in respect of each individual or group of pupils in receipt of LS*
- *Maintaining a record of pupils receiving LS or resource teaching*
- *Monitoring the progress made by pupils in receipt of LS, as indicated in the pupils' weekly planning and progress records which refer to the targets set in the IEP or IPLP*
- *Providing appropriate ongoing support in the classroom for pupils for whom LS has been reduced or discontinued*
- *Providing advice to class teachers in areas such as individual pupil assessment and programme planning, approaches to language development, reading, writing and mathematics and recommending activities that promote motor skills and social skills for pupils experiencing learning difficulties*
- *Co-ordinating the annual whole-school standardised tests and analysis of the results*
- *Conducting diagnostic assessment, where approved by parents, interpreting the results and communicating the results to parents, outlining the steps that need to be taken in order to best support the child's needs*
- *Choosing equipment and learning/school resources (books and materials) to be made available to pupils with learning difficulties in the LS/resource room or in the classroom.*

Ról an Dalta

Tá sé tábhachtach go mbíonn ionchur ag páistí ina gcuid foghlama féin – forbairt, cur i gcrích agus athbhreithniú. Cuirtear aois agus cumas an pháiste san áireamh. Ba chóir don pháiste:

- Tuiscint a fháil ar na cuspóirí gearrthéarmacha atá leagtha síos dá c(h)uid foghlama agus ba cheart dó/di cur leis na cuspóirí foghlama sin

- Cleachtadh a dhéanamh ar na scileanna agus na straitéisí a fhaigheann sé/sí ó TF agus iad a úsáid sa ghnáthrang
- Cur le hathbhreithniú ar a d(h)ul chun cinn féin trí pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí measúnaithe, féin-mheasúnú san áireamh.

Role of the child

It is important that the children contribute to their own learning – development, implementation and review. The child's age and ability are taken into account. The child should:

- *Understand the short-term objectives of his/her LS and have the opportunity to add to the learning objectives*
- *Practice the skills and strategies acquired in the LS setting and use them in the classroom*
- *Contribute to the evaluation of his/her own progress by participating in appropriate assessment activities including self-assessment.*

Ról na dTuismitheoirí & Caomhnóirí

Is ar leas an pháiste é go n-oibreodh an scoil agus na tuismitheoirí as lámha a chéile chun na deiseanna is fearr a thabhairt do pháiste a gcumas a bhaint amach. Bíonn an-tionchar ag an mbaile agus ag tuismitheoirí ar fhoghlaim a bpáistí agus tabharfaidh an scoil gach comhairle agus straitéis dóibh le go mbeidh siad in ann cuidiú le foghlaim a bpáistí sa bhaile. Moltar do thuismitheoirí:

- tacaíocht a thabhairt d'obair na scoile trí bheith páirteach lena bpáistí i ngníomhaíochtaí ar nós;
 - Teicneolaíocht na faisnéise agus bogearraí a bheadh feiliúnach don ábhar ina bhfuil an páiste ag fáil tacaíochta speisialta ann a úsáid
 - Léitheoireacht roinnte/chomhpháirteach
 - Forbairt ar stórais foclaíochta a bpáistí – forbairt teanga agus forbairt tuisceana
 - Ag comhaireamh, ag tomhais agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann le huimhearthacht
 - Turais chuig an trá, leabharlann, zú, nó áiteanna spéisiúla eile a chuireann le taithí agus eispéireas na bpáistí
 - Ag labhairt go dearfach faoin scoil agus faoin obair scoile
 - Tábhacht na teanga, litearthachta agus matamaitice a thaispeáint in imeachtaí clainne/scoile
- Straitéisí luaite sa POA nó PDFA a chur i bhfeidhm sa bhaile
- An múinteoir ranga nó tacaíochta foghlama a choinneáil ar an eolas faoi aon rud a thugann siad faoi dheara sa bhaile maidir le foghlaim a bpáiste
- Freastal ar chruinnithe leis an múinteoir ranga nó TF chun POA nó PDFA an pháiste a phlé agus conas mar is féidir na spriocanna atá leagtha síos a bhaint amach ar scoil agus sa bhaile
- Bheith páirteach i ngníomhaíochtaí a eagraíonn an scoil a thabharfadh cúnaimh do thuismitheoirí cuidiú le foghlaim a bpáistí.

The Role of Parents/Guardians

It is to the child's advantage that the school and parents/guardians work together in order to give the child the best opportunities to reach their potential. Home and parents/guardians greatly influence their children's learning and the school will advise on strategies to help their children at home with language, literacy and mathematics. We recommend that Parents:

- *Help with the work of the school by participating with their children in activities such as;*
 - *Using information technology and software linked to the subject in which the child is receiving LS*
 - *Shared/Paired reading*
 - *Building their child's vocabulary – improving language and understanding*

- *Counting, guessing and other mathematical activities*
- *Trips to the beach, library, zoo or other interesting places to broaden the child's outlook and experience*
- *Speaking positively about school and school work*
- *Showing the importance of language, literacy and numeracy in home/school activities*
- *Put the home plans into practice in accordance with the child's IEP or IPLP*
- *Let the class/LS teacher know about any concerns or improvements they notice at home about their children's learning*
- *Attend meetings with the class teacher and/or the LS teacher in order to discuss the child's IEP or IPLP and how best to achieve the goals set at home and at school*
- *Participate in school activities that will help parents to assist with the child's learning.*

Forbairt foirne

Tugtar deiseanna do bhaill foirne cur lena gcuid scileanna, saineolas a roinnt, agus straitéisí, scileanna agus eolas nua a fhoghlaim. Tugtar gach tacaíocht don fhoireann freastal ar aon chúrsa gur mian leo chun cur lena bhforbairt proifisiúnta agus a dtaithe.

Staff Professional development

Members of staff are given opportunities to add to their skills, share expertise and strategies, learn new facts and skills. Every support is given to the staff to attend whatever courses they wish in order to add to their professional development and skills.

Acmhainní

- Na hacmhainní a bheadh i gceist ná téacsleabhair éagsúla, leabhair leabharlainne, agus ábhair choimhdeacha chomh maith le hábhair forbartha teanga labhartha.
- Úsáidtear go leor ábhair tástála, ina measc tá trialacha caighdeánaithe, scagthástáil, diagnóiseach, oilteacht léitheoireachta, tuiscint fóineolaíochta agus oilteacht sa Mhatamaitic.
- Don chuid is mó bainfeadh úsáid as na hacmhainní tacaíochta foghlama sa seomra tacaíochta foghlama. Is féidir na háiseanna a chur ar fáil do na múinteoirí ranga le comhairle an mhúinteora TF.
- Cuirfidh Bord Bainistíochta buiséad aontaithe ar fáil go bliantúil gur féidir caitheamh ar riachtanais RSO na scoile.
- Tá liosta na n-acmhainní tacaíochta foghlama scoile i bhfillteán eolais na múinteoirí. Beidh múinteoir TF ainmnithe freagrach as ord agus eagar a choinneáil ar na hacmhainní seo.

Resources

- *Resources for the provision of Learning Support include a variety of textbooks, library books and ancillary materials and oral language development materials.*
- *A variety of testing materials are also in use which include standardised, diagnostic, screening, reading experience, reading attainment, phonological awareness and Maths attainment.*
- *LS resources will be primarily be used in the learning Support Room. These resources may be made available to class teachers following consultation with the LS teacher.*
- *The Board of Management will allocate an agreed annual budget for school's SEN needs.*
- *The list of school LS resources is available in the teachers' information folder. The LS teacher will be responsible for keeping these resources in order.*

Critéir Rathúlachta

- Toradh níos fearr i dtaobh gnóthachtaíil acadúil acu siúd a bhfuil POA/ PFDA acu.
- Líon na bpáistí a chríochnaíonn le TF de bharr feabhais.
- Struchtúr cinnte soiléir á leanúint chun páistí le deacrachtaí foghlama a aithint agus seirbhís feiliúnach á chur i bhfeidhm do na páistí sin.
- Rannpháirtíocht bhreise ag tuismitheoirí maidir le riachtanais foghlama a gcuid páistí.
- Breis cumarsáide éifeachtaigh idir fhoireann na scoile maidir le dul chun cinn na bpáistí.
- Aiseolas dearfach ón bhfoireann, ó dhaltáí agus ó thuismitheoirí.

Criteria of Success

- *Improved standards of academic achievement of pupils who have IEP/IPLP*
- *Discontinuation of the provision of LS for the child based on positive assessment results*
- *A clearly defined structure is being followed in order to recognise children with learning difficulties and to provide them with a suitable service.*
- *Enhanced parental involvement in supporting their child's learning needs.*
- *Increased effective communication between school personnel in relation to pupil's progress.*
- *Positive feedback from staff, pupils and parents.*

Múinteoireacht Acmhainne / Resource Teaching**Aidhmeanna**

Na haidhmeanna a bhaineann le múinteoireacht acmhainne ná:

- Tacaíocht a thabhairt chomh fada agus is féidir le lánpháirtíocht an dalta le riachtanais speisialta sa rang phríomhshrutha
- Le féinmheas a fhorbairt agus meon dearfach i dtaobh na scoile agus i dtaobh foghlama a chothú sa pháiste
- Tacaíocht a thabhairt don pháiste bunaithe ar na riachtanais aitheanta i dtuairisc an phroifisiúnaigh sheachtraigh (síceolaí, teiripeoir urlabhra agus a leithéid)
- Comhoibriú a chruthú i measc na foirne i dtaobh cur i bhfeidhm Polasaí RSO ar fud na scoile.

Aims

The aims of Resource Teaching are:

- *To support the child in as much as possible in fully participating within the mainstream class setting*
- *To increase the child's level of self-esteem and to develop a positive attitude towards school and learning*
- *To provide specific support based on the needs identified in the report of the external professional (psychologist, speech and language therapist etc.)*
- *To develop staff co-operation in relation to the implementation of our SEN Policy on a whole school level.*

Páistí le riachtanais speisialta a aithint

Is féidir teacht ar an eolas seo ar bhealaí éagsúla:

- Insíonn tuismitheoirí don Príomhoide nó don mhúinteoir ranga faoin amhras atá orthu i dtaobh an pháiste
- Bíonn amhras suntasach ar mhúinteoir ranga faoi pháiste sa rang

- Nuair nach bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ag páiste chun an 10ú peircintíl a shárú sa litearthacht agus/nó san uimhearthacht tar éis dóibh freastal ar TF agus straitéis idirdhealaithe a bheith in úsáid leo sa ghnáth rang. De ghnáth déanfar an páiste a atreorú chuig síceolaí le haghaidh measúnú, i gcomhairle leis na tuismitheoirí
- Insíonn tuismitheoir go bhfuil diagnóis ag an bpáiste faoi aon cheann de na catagóir seo a leanas;
 - Máchail Fhisiceach
 - Lagú Éisteachta
 - Lagú Amhairc
 - Géarshuaitheadh Mothúchánach is Iompair
 - Míchumas Foghlama Ginearálta Meánach
 - Míchumas Foghlama Ginearálta Trom/Dian
 - Neamhoird Speictrim Uathaigh/Uathachas
 - Siondróm Measúnaithe
 - Sain-neamhord Teanga agus Urlabhra
- Má tá buairt ag an bhfoireann scoile go bhfuil tréithe d'aon cheann de na catagóir thuas á léiriú ag an bpáiste, de ghnáth déanfar an páiste a atreorú chuig síceolaí nó saineolaí cuí eile le haghaidh measúnú, i gcomhairle leis na tuismitheoirí.

Identifying children with Special Needs

This information can be gathered in many ways:

- *Parents inform the Principal or class teacher of concerns they have in relation to their child*
- *The teacher has significant concerns regarding a child in his/her class*
- *When a child continues to experience difficulty and is not making progress above the 10th percentile in literacy and numeracy despite attending LS and differentiated classroom approaches. The child will normally be referred for psychological assessment, in consultation with parents*
- *Parents inform the school that their child has a diagnosis under any of the following categories;*
 - *Physical disability*
 - *Hearing impairment*
 - *Visual Impairment*
 - *Major behavioural or emotional difficulties*
 - *Moderate General Learning Difficulty*
 - *Severe/Profound General Learning Difficulty*
 - *Autism/Autistic Spectrum disorder*
 - *Assessed syndrome*
 - *Speech and language disorder*
- *Where a staff member is concerned that a child may be displaying any of the above, the child will normally be referred for psychological or other appropriate assessment, in consultation with parents.*

Nósanna Imeachta le leanúint

- Tar éis dul i gcomhairle leis an múinteoir ranga agus leis na tuismitheoirí, lorgóidh an Príomhoide measúnú cuí ón SNSO chun na deacrachtaí a aithint agus chun fiosrú an mbeadh an páiste i dteideal uaireanta acmhainne.

- Sa chás nach mbíonn tuismitheoirí sásta cead a thabhairt dá bpáiste dul faoi mheasúnú síceolaíoch nó TF a fháil, ba chóir nóta faoin dtairiscint agus faoin diúltú a choimeád i gcomhad an pháiste.
- Más rud é go n-aithnítear go bhfuil riachtanas speisialta ag an bpáiste, cuirfidh an Príomhoide iarratas, sínithe ag na tuismitheoirí, chuig an ORSO ag lorg uaireanta acmhainne agus/nó Cúntóir um Riachtanais Speisialta.
- Nuair a thagann freagra ón ORSO cuirfear in iúl do thuismitheoirí an méid uaireanta atá faighte agus tosófar ar uaireanta acmhainne nuair atá an pearsanra ar fáil.

Procedures

- *After consultation with the parents and with the class teacher, the Principal will request an assessment by the NEPS in order to identify the difficulties and to query whether the child may be entitled to resource hours.*
- *In the case where parents are not willing to allow for the referral or for the child to attend LS, record of the request and the refusal will be kept on the child's file.*
- *If the assessment identifies that the child has special needs, the Principal will submit the application form, signed by the parents, for resource hours and/or a Special Needs Assistant to the SENO.*
- *Once the school is informed of the SENO's decision, the parents will be informed and Resource Teaching will commence once the personnel is in place.*

Ról an Mhúinteora Acmhainne

Is é ról an mhúinteora acmhainne ná tacú le páistí tríd na céimeanna seo a leanas a dhéanamh:

- Cúnamh a thabhairt don pháiste na scileanna cuí a fhorbairt chun gur féidir leis/léi dul i ngleic leis an gcúraclam ar bhealach a oireann dá riachtanais agus dá c(h)umas
- POA a fhorbairt le haghaidh gach dalta, ag dul i gcomhairle le pairtnéirí oideachais eile.
- Riachtanais agus dul chun cinn an dalta a mheas agus a thaifead
- Spriocanna maidir le ham a leagadh síos i dtaobh gach dalta agus iad sin a aontú leis na tuismitheoirí, leis an múinteoir ranga agus leis an bPríomhoide
- Teagasc díreach a thabhairt don dalta, i seomra eile, nó sa rang príomhshruitha
- Comhairle a thabhairt don mhúinteoir ranga i dtaobh an churaclaim a athrú, straitéisí teagaisc, Teicneolaíocht Eolais agus Cumarsáide agus araile
- Bualadh le tuismitheoirí agus dul i gcomhairle leo, agus leis an múinteoir ranga i láthair nuair is gá
- Bualadh le proifisiúnaigh chuí chun leas an dalta a bhaint amach m.sh: síceolaithe, teiripeoirí urlabhra agus teanga agus múinteoirí ar cuairt.

The Role of the Resource Teacher

The Resource Teacher's role is to assist the child in the following ways:

- *Helping the child to develop the skills in order to access the curriculum in a manner that suits his/her needs and abilities*
- *Developing an IEP for each pupil in consultation with other partners in education*
- *Assessing and recording the child's needs and progress*
- *Setting specific, time-related targets for each child and agreeing these with the parent, class teacher and principal*
- *Direct teaching of the child, either in a separate room or within the mainstream class*
- *Advising class teachers in regard to adapting the curriculum, teaching strategies, textbooks, ICT and other related matters*

- *Meeting and advising parents, when necessary, accompanied by the class teacher as necessary*
- *Meeting with other relevant professionals, in the child's interests, eg psychologist, speech and language therapist, visiting teachers.*

Amchlár

- Braitheann an méid ama ar uaireanta atá údaraithe ag an ORSO.
- Cuirtear múinteoireacht acmhainne ar fáil le linn am ranga.
- Múinteoireacht duine ar dhuine atá i gceist sna ranganna acmhainne, seachas má mhothaítear go mbeadh sé oiriúnach do riachtanas an pháiste obair ghrúpa a chur i bhfeidhm.
- Déanfar gach iarracht cinntiú nach gcailleann an páiste am ón réimse curaclaim céanna gach uair a bhíonn sé/sí ag freastal ar mhúinteoireacht acmhainne.
- Déanfar gach iarracht cinntiú freisin nach gcailleann páistí ceachtanna ar nós Ealaín, Corpoideachas, ábhair as a mbaineann siad sásamh.

Timetable

- *The amount of time given to resource teaching depends on the SENO's allocation.*
- *Resource teaching will be provided during class time.*
- *One-to-one teaching will take place in the resource teacher's room unless it is appropriate to the child's needs to engage in group teaching.*
- *Every effort will be made to ensure that the child does not miss the same curricular subject each time he/she attends resource teaching.*
- *Every effort will be made to ensure that the child does not miss lessons such as Art, PE or subjects he/she enjoys.*

Ról an Mhúinteora Ranga, Tuismitheoirí, Príomhoide agus Bord Bainistíochta

Féach ar Rólanna agus Freagrachtaí faoi Thacaíocht Foghlama (lth 15).

Role of class teacher, Parents, Principal, Board of Management

See Roles and Responsibilities under the Learning Support Section (Page 15).

Páistí le mí-chumas agus/nó riachtanais speisialta oideachais a chlárú i nGaelscoil na gCloch Liath

Enrolment of children with a disability and/or special education needs in Gaelscoil na gCloch Liath

Riartar iarratas ar áit sa scoil do pháistí ar bith, páistí le mí-chumas nó le RSO san áireamh, trí Pholasáí Iontrála na scoile. Sin ráite, iarrtar ar thuismitheoir páistí faoi mhí-chumas agus/nó RSO aird a thabhairt ar na pointí seo a leanas:

- Go ginearálta, tá múinteoirí na scoile cáilithe mar mhúinteoir rang príomhshrutha. I gcomparáid le múinteoirí i scoileanna speisialta, níl traenáil nó cáilíochtaí breise RSO ag múinteoirí na scoile
- Cé go bhfuil páistí le mí-chumas agus/nó RSO comhtháite sa rang príomhshrutha agus go bhfuil tacaíocht acu ó Chúntóir um Riachtanais Speisialta nó múinteoir acmhainne, ceadaithe ag an Roinn Oideachais, ní hionann seo agus an dian-oideachas aonarach atá ar fáil i scoil speisialta

- Níl na seirbhísí tacaíochta céanna ar fáil i scoileanna príomhshrutha is a bheadh i scoileanna speisialta ar nós teiripeoir urlabhra, teiripeoir shaothair, fisiteiripeoir agus a leithéid
- Beidh taithí ag páistí le mí-chumas agus/nó RSO ar ghnáth-imeachtaí laethúil scoile a tharlaíonn de bharr nósanna agus cleachtais scoile de bharr comhtháthú sa rang príomhshrutha
- Baineann na polasaithe scoile le gach páiste sa scoil, páistí le mí-chumas nó RSO san áireamh
- Le linn imeachtaí uile scoile, asláithreachtaí múinteoirí agus gníomhaíochtaí iar-scoile ní bheidh socruithe breise nó ar leith ar fáil taobh amuigh de na socruithe a bhíonn ar fáil de ghnáth ón múinteoir acmhainne
- Ó bhliain go bliain, díritear an cinneadh maidir le rogha ranganna na múinteoirí ar riachtanais na scoile uile agus dá bharr ní féidir leis an scoil leanúnachas fad-théarmach nó in-tuarthacht a ghealladh i dtaobh foirne de.

In ainneoin na bpointí thuas, tá Gaelscoil na gCloch Liath tiomanta chun oideachas den scoth a chur ar fáil do pháistí le mí-chumas agus/nó RSO de réir na n-acmhainní a chuirtear ar fáil don Bhord Bainistíochta ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Chun seo a sholáthar, lorgáimid:

- Ard-leibhéal comhoibríthe idir thuismitheoirí, múinteoirí ranga agus aon bhall foirne a oibríonn leis an bpáiste
- Go gcuirtear iarratas ar áit sa scoil do pháistí le mí-chumas nó RSO ar an bhfoirm iarratais caighdeánach. In éineacht leis an bhfoirm, beidh miontuairisc ar mhí-chumas/ riachtanais speisialta an pháiste maraon le tuairisc leighis, measúnaithe nó síceolaíoch ag teastáil, de réir mar a oireann, má tá siad ar fáil
- Go gcuirtear cóipeanna na measúnaithe agus na tuairiscí cuí chun na scoile a luath is atá siad ar fáil, ar bhonn leanúnach
- Go dtuigeann thuismitheoirí go bhfuil freagracht ag an scoil as na páistí **uilig** atá faoinár gcúram. Dá bharr, má fheictear do thuismitheoirí agus/nó múinteoirí go bhfuil drochthionchar leanúnach ag comhtháthú an pháiste le mí-chumas agus/nó RSO ar oideachas na bpáistí eile nó ar an scoil, gur féidir leis an mBord Bainistíochta na céimeanna foinraí/díbirthe, atá leagtha síos sa Chód Iompair, a chur i bhfeidhm ar an bpáiste sin.

Application for all children, including children with a disability and/or other SEN is governed at all times by the school's current Enrolment Policy. However, the attention of parents of children with a disability and/or SEN is also drawn to the following points:

- *In general, the teachers in our school are trained and qualified to teach in mainstream education. Unlike teachers in special schools, our teachers, in general, have not received additional SEN Teacher Training or Qualifications*
- *While pupils with special needs can be integrated into a mainstream class, and may be supported by a Special Needs Assistant and Resource teaching, as allowed by the DES, this is not the same as the intensive one to one teaching s/he would experience in a special school*
- *Mainstream schools do not have ancillary services enjoyed by special schools, such as speech therapy, occupational therapy, physiotherapy, etc.*
- *A child with SEN integrated into a mainstream class will by the nature of such integration experience the normal day to day happenings, determined by the reality of school life, and the existing customs and practices*
- *Every child in the school, including those with a disability/SEN is bound by school policies both in existence and those developed from time to time by the Staff and Board of Management*

- *In the event of whole school activities, staff absences, or chosen after-school activities a child with a disability/SEN in a mainstream class will not have any separate or additional provisions put into place other than those normally provided by the resource teacher.*
- *From year to year the allocation of teachers to classes is focused on the needs of the whole school, and consequently the school cannot guarantee long term continuity or predictability in personnel.*

Notwithstanding the above points, the school is committed to providing the best possible educational service to pupils with a disability/SEN in accordance with the level of resources provided by the Department of Education and Science to the Board of Management. To ensure this, we require:

- *A close level of co-operation between parents, the class teacher, and any other school personnel assigned to support the child*
- *That applications for enrolment of children with a disability/SEN should be made on the standard application form and must be accompanied by detailed assessments and/ or psychological report, report of the child's disability/ educational needs, supported by medical reports, if available*
- *Copies of all relevant assessments and reports should be supplied to the school as these become available, on an ongoing basis*
- *That parents understand that our responsibility as a school is primarily to **all** the children in our care, and that therefore if it becomes apparent to the teachers and/or the parents that the integration of an individual child with a disability/SEN is having an ongoing detrimental impact on the education of the other children in the class or school, the Board of Management reserves the right to implement the suspension/expulsion procedures, outlined in the Code of Behaviour, on that child.*

Spriocdhátaí don Athbhreithniú

Déanfar athbhreithniú ar ghnéithe den pholasaí seo i 2018 nó roimhe má thagann aon treoirínite nua ón Roinn Oideachas. Beidh múinteoir TF na scoile freagrach as comhordú an pholasaí seo.

Review Date

Aspects of this policy will be reviewed in 2018 or before if any new guidelines come from the Department of Education and Science. The LS teacher will be responsible for co-ordinating the review of this policy.

Daingniú agus Cumarsáid

Daingníodh an polasaí seo ag Bord Bainistíochta na scoile ar 15 Meitheamh 2015.

Cuirfear cóip ar fáil i seomra na dtuismitheoirí, ar an ngréasán agus cuirfear in iúl do thuismitheoirí go bhfuil an plan ar fáil dóibh. Tabharfar cóip den pholasaí seo do gach múinteoir sa scoil.

Ratification and Communication

This policy was ratified by the Board of Management on 15th June 2015.

When the plan is accepted by the board of Management a copy will be placed in the parents' room, on the website and parents will be informed that the policy is available to them. Each teacher in the school will receive a copy of this policy.

Sínithe: _____

Cathaoirleach

Dáta: _____